**CINNEADH (AE) 2025/46 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Eanáir 2025**

**maidir le ceapadh comhaltaí de Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair le haghaidh téarma nua oifige**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 95/319/CE ón gCoimisiún an 12 Iúil 1995 lena mbunaítear Coiste Cigirí Sinsearacha Saothair ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 95/319/CE, lánchomhalta amháin in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gcoiste, agus féadfar comhalta malartach amháin a cheapadh i gcás gach lánchomhalta.

(2) De bhun Airteagal 5(2) den Chinneadh sin, tá an Coimisiún le lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha an Choiste a cheapadh ar thogra ón mBallstát.

(3) Foráiltear in Airteagal 5(3) den Chinneadh sin gur trí bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Choiste agus gur féidir a gceapachán a athnuachan.

(4) Is ar an 31 Nollaig 2024 a thiocfaidh deireadh le téarma oifige reatha an Choiste.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún comhaltaí an Choiste a cheapadh de réir na moltaí ó na Ballstáit go ceann tréimhse trí bliana.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair a cheapadh go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Foilseofar liosta na gcomhaltaí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun críoch faisnéise.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 188, 9.8.1995, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/319/oj.

*IARSCRÍBHINN*

| Ballstát | Lánchomhalta | Comhalta malartach |
|---|---|---|
| An Bheilg | Paul TOUSSEYN | Pieter BOLLE |
| An Bhulgáir | Ekaterina ASENOVA | Pavlin TODOROV |
| An tSeicia | Martin MELECKÝ | Pavel HEISIG |
| An Danmhairg | Lotte MANNICHE GROTH | Annemarie KNUDSEN |
| An Ghearmáin | Thomas VOIGTLÄNDER | Andrea MENNE |
| An Eastóin | Silja SOON | Kaire SAAREP |
| Éire | Mark CULLEN | Eibhlin O'LEARY |
| An Ghréig | Panagiota KATSAKIORI | Evdoxia KATSIKOGIANNI |
| An Spáinn | Cristina FERNÁNDEZ GONZÁLEZ | Gonzalo GIMÉNEZ COLOMA |
| An Fhrainc | Anouk LAVAURE | Agnès GLAS |
| An Chróit | Božica BREŠKI DŽODAN | Boris BIZJAK |
| An Iodáil | Aniello PISANTI | Roberta FABRIZI |
| An Chipir | Aristodemos ECONOMIDES | Yiannis KOUDOUNARIS |
| An Laitvia | Renārs LŪSIS | Linda MATISĀNE |
| An Liotuáin | Jonas GRICIUS | Dalia LEGIENE |
| Lucsamburg | Marco BOLY | Patrice FURLANI |
| An Ungáir | Péter NESZTINGER | Tamás LŐRIK |
| Málta | An Dr Josianne CUTAJAR | David SALIBA |
| An Ísiltír | Rits DE BOER | Sari TUPAMAHU |
| An Ostair | Gertrud BREINDL | Alexandra MARX |
| An Pholainn | Marcin STANECKI | Michał WYSZKOWSKI |
| An Phortaingéil | Fernanda CAMPOS | Nelson FERREIRA |
| An Rómáin | Mihai-Nicolae UCĂ | Constantin NEGRILĂ |
| An tSlóivéin | Katja ČOH KRAGOLNIK | Goran BRKIĆ |
| An tSlóvaic | Alena ZVAROVA BASISTOVA | Katarina TIMKOVA |
| An Fhionlainn | Raimo ANTILA | Arto TERONEN |
| An tSualainn | Lars LÖÖW | Peter BURMAN |